Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9727/19**

**CT 55**
**ENFOPOL 278**
**COTER 71**
**JAI 589**
**COPEN 237**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9366/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an radacú sna príosúin a chosc agus a chomhrac agus déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad tar éis a scaoilte saor<br>*- Conclúidí ón gComhairle (6 Meitheamh 2019)* |

Gheobhaidh toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an radacú sna príosúin a chosc agus a chomhrac agus déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad tar éis a scaoilte saor, a ghlac an Chomhairle ag an 3697ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 6 Meitheamh 2019.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir leis an radacú sna príosúin a chosc agus a chomhrac agus déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad tar éis a scaoilte saor

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta i gclár oibre na Comhairle,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI gur iarr an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2018 go ndéanfaí bearta lena neartófaí an cumas an radacú agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus freagairt go héifeachtúil dóibh, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha,

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE go mbaineann dúshláin nach beag fós le gach cineál radacaithe, ar cúis sceimhlitheoireachta agus antoisceachais fhoréignigh é, agus gur gá cur chuige ilghníomhaireachta i leith na ndúshlán sin, sna Ballstáit ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin, agus faoi dheireadh, i réigiúin tosaíochta chomharsanacha,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí agus a phráinní atá sé go mbeadh bearta éifeachtacha ann chun déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí agus antoiscigh fhoréigneacha iad, chun an radacú sna príosúin a chosc agus chun straitéisí athshlánaithe agus athimeasctha a chur chun feidhme i bhfianaise an riosca a bhaineann le méadú ar líon na gciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad nó ar ciontóirí a ndearnadh iad a radacú agus iad sa phríosún, agus freisin go mbeidh líon áirithe de na ciontóirí sin á scaoileadh saor sa dá bhliain amach romhainn, mar a taispeánadh le measúnú bagairtí an Aontais i réimse na frithsceimhlitheoireachta,

AGUS É MAR DHÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit agus an Coimisiún sa réimse sin, go háirithe an tuarascáil deiridh ó Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an Radacú (HLCEG-R), bunú an Bhoird Stiúrtha maidir le Radacú, agus na treoshuíomhanna straitéiseacha i ndáil le cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais maidir leis an radacú a chosc don bhliain 2019, ina léirítear gur dúshláin nach beag fós é ar fud an Aontais Eorpaigh déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad, chomh maith leis an radacú sna príosúin a chosc, agus ina moltar go gcuirfí feabhas ar chumas na mBallstát uirlisí measúnaithe riosca agus cláir dhíscoir a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mheasúnú, le go bhféadfaí ciontóirí ar sceimhlitheoirí agus ar antoiscigh fhoréigneacha iad a athshlánú agus a athimeascadh ar bhealach éifeachtach spriocdhírithe,

AGUS É MAR DHÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh na mBallstát i ndáil le hobair choisctheach sna príosúin, agus athshlánú agus athimeascadh faoin gcur chuige tionscadalbhunaithe a tugadh isteach mar cheann de mholtaí HLCEG-R,

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go léiríonn conclúidí thuarascáil Choiste Speisialta PE um Sceimhlitheoireacht gur gá aghaidh a thabhairt ar dhúshlán méadaitheach an radacaithe sna príosúin agus bearta níos éifeachtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa réimse seo,

AGUS Í AG TABHAIRT AITHEANTAIS don obair atá déanta ag Ionad Barr Feabhais Líonra an Aontais um Fheasacht ar an Radacú (RAN), ionad ar ardán ríthábhachtach é do chomhroinnt na ndea-chleachtas i measc cleachtóirí agus d'fhorbairt an eolais sa réimse áirithe sin,

AGUS Á MHEABHRÚ DI, go háirithe:

- na Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle maidir le feabhas a chur ar fhreagairt an cheartais choiriúil ar an radacú a bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air[1], arna nglacadh ar an 20 Samhain 2015, agus go háirithe, na conclúidí maidir le córais choinneála, athshlánú, athimeascadh agus oiliúint;
- Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an radacú agus leis an earcaíocht don sceimhlitheoireacht, an 30 Meitheamh 2017[2];
- na conclúidí ón gcomhdháil maidir le radacú i bpríosúin a bhí ar siúl an 27 Feabhra 2018, arna heagrú ag an gCoimisiún mar aon le hUachtaránacht na Bulgáire (agus an obair a bhí déanta sa réimse seo ó 2015 i leith á breithniú);
- plé na n-airí ceartais ag am lóin ar an 9 Márta 2018 maidir le radacú sna príosúin;
- Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh agus na mBalcán Thiar, arna shíniú i mí Dheireadh Fómhair 2018.

[1] 14419/15
[2] 10855/17

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

AITHNÍONN SÍ an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shaoránaigh Eorpacha de bharr gníomhartha sceimhlitheoireachta arna spreagadh, arna n-eagrú, arna n-éascú nó arna ndéanamh ag ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad agus/nó ar daoine a ndearnadh iad a radacú agus iad sa phríosún.

AITHNÍONN SÍ an gá le feabhas leanúnach a chur ar chomhar agus comhordú na ngníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus na huirlisí is iomchuí is féidir a fhorbairt chun dul i ngleic go héifeachtúil leis an dúshlán a bhaineann le radacú sna príosúin.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**:

- idirghabhálacha speisialaithe breise a fhorbairt chun déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad agus le ciontóirí ar measadh iad a bheith i mbaol a radacaithe agus iad sa phríosún, lena n-áirítear deiseanna do mhalartú ilghníomhaireachta faisnéise, ar mhaithe go sonrach le hathshlánú, athimeascadh agus bainistiú riosca tar éis a scaoilte;

- conclúidí ábhartha na Comhairle a chur chun feidhme agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an Radacú;

- an úsáid is fearr a bhaint as na dea-chleachtais, nuair is gá agus nuair is iomchuí, chun déileáil le radacú sna príosúin, agus na cleachtais sin a thógáil ón gcomhairliúchán leathan a rinne an Uachtaránacht agus a shonraítear san Iarscríbhinn;

- féachaint an bhféadfaí aontú do Líonra Eorpach Acadaimh na hOiliúna Peannaidí (EPTA) agus rannpháirtíocht a spreagadh sa tionscadal reatha atá á chomhchistú ag an gClár um Cheartas chun an líonra sin a fhorbairt.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

– tacú le hobair na mBallstát (lena n-áirítear trí na hionstraimí airgeadais atá ar fáil, amhail an Ciste Slándála Inmheánaí — Clár Póilíneachta agus Ceartais) chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar uirlisí agus ar chleachtais bainistithe riosca agus cláir oiliúna a chur chun feidhme le haghaidh gairmithe agus cleachtóirí ábhartha (foireann príosún, oifigigh phromhaidh, na breithiúna, etc.), cláir dhíradacaithe, dhíscoir agus athshlánaithe le haghaidh ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad le linn dóibh a bheith á gcoinneáil agus á n-athshlánú, agus uirlisí athimeasctha sóisialta tar éis a scaoilte saor ón bpríosún;

– leanúint den mhalartú faisnéise a éascú mar aon le comhroinnt na ndea-chleachtas agus na gceachtanna a foghlaimíodh tríd an obair dhinimiciúil atá á déanamh sna tionscnaimh éagsúla atá ar siúl sa réimse sin, ina bhfuil líonraí na mBallstát agus na gcleachtóirí rannpháirteach, i réimsí éagsúla ábhartha gníomhaíochta, amhail EuroPris, Cónaidhm an Phromhaidh Eorpaí (CPE) agus an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN);

– tuilleadh a chur le forbairt an eolais chomhdhlúite, an taighde fhianaisebhunaithe agus na treorach praiticiúla ar leibhéal an Aontais chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtúil ar radacú sna príosúin agus ar athimeascadh sóisialta ciontóirí ar sceimhlitheoirí agus ar antoiscigh fhoréigneacha iad agus/nó ar ciontóirí a ndearnadh iad a radacú agus iad sa phríosún;

– leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair tríú tíortha agus comhpháirtithe, go háirithe na réigiúin chomharsanachta, amhail na Balcáin Thiar, réigiún MENA (an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh) agus an tSaiheil chun an radacú sna príosúin a chosc agus chun cláir dhíradacaithe agus dhíscoir a bhunú le linn na coinneála agus cláir athshlánaithe agus athimeasctha tar éis scaoileadh saor na bpríosúnach,

– na torthaí ón gcomhairliúchán a rinne Uachtaránacht na Rómáine a áireamh san obair a dhéanfar amach anseo i ndáil le déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí agus ar antoiscigh fhoréigneacha iad agus i ndáil le radacú sna príosúin, agus tacú leis na Ballstáit chun cleachtais agus idirghabhálacha ábhartha a chur chun feidhme;

– an dul chun cinn a athbhreithniú agus a mheas más gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, leis na Ballstáit, sa Bhord Stiúrtha um Radacú.

**DEA-CHLEACHTAIS maidir le dul i ngleic leis an radacú sna príosúin agus déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad tar éis a scaoilte saor**

**Creat ginearálta**

Tá gá le cur chuige ildisciplíneach, lena gcuirfear san áireamh na gnéithe éagsúla den phróiseas - cosc, smachtbhannaí/príosúnacht, athshlánú agus athimeascadh – d'fhonn a áirithiú go mbeidh obair na ngníomhaithe institiúideacha agus sochaíocha atá rannpháirteach ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach comhleanúnach agus comhordaithe.

D'fhéadfadh beartais éifeachtúla náisiúnta chomhordúcháin agus chomhair, ina mbeadh gníomhaithe ábhartha rannpháirteach, luathbhrath an radacaithe agus na hearcaíochta sa phríosún agus forbairt beart iomchuí a éascú. D'fhéadfadh malartú tapa faisnéise a bheith i gceist leo (ina mbeadh líonraí agus grúpaí oibre idir-rannacha agus idirghníomhaireachta páirteach), treoracha agus straitéisí scríofa, agus/nó oiliúint agus treoir speisialaithe.

D'fhéadfaí bearta a oiriúnú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun léiriú a thabhairt ar chineál athraitheach an dúshláin a bhaineann le hathruithe sa timpeallacht radacach nó antoisceach.

D'fhéadfadh aonaid speisialaithe agus ildisciplíneacha, a bheadh freagrach as an antoisceachas foréigneach agus an radacú i bpríosúin a chomhrac, a bheith ina n-uirlis éifeachtúil - i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile, ar páirtithe leasmhara áitiúla iad cuid acu – chun daoine radacaithe a shainaithint, a dhíradacú, a dhíscor agus a athimeascadh sa tsochaí, agus chun iarracht a dhéanamh radacú a chosc.

D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh chun a chinneadh an gá cláir speisialaithe a fhorbairt chun freagairt ar riachtanais shonracha agus saintréithe na mbanchiontóirí ar sceimhlitheoirí nó antoiscigh fhoréigneacha iad.

Caithfear cúram faoi leith a dhéanamh maidir le ciontóirí óga, ar cheart iad a mheas ní hamháin mar dhéantóirí coire nó mar bhagairtí féideartha, ach, – ag brath ar a n-aois agus ar chéim a bhforbartha pearsanta – mar íospartaigh, agus lánurraim á tabhairt dá gcearta bunúsacha agus i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus AE maidir le coinneáil ógánach.

**Oiliúint**

D'fhéadfaí cláir oiliúna chuimsitheacha d'fhoireann príosúin agus promhaidh – lena n-áirítear modúil shonracha múscailte feasachta agus coiscthe radacaithe le linn a gcuid oiliúna tosaigh – a fhorbairt agus a chur chun feidhme, go háirithe sna príosúin sin ina bhfuil príosúnaigh le stair sceimhlitheoireachta nó stair radacach.

D'fhéadfadh na cláir a bheith dírithe ar thuiscint na foirne ar an antoisceachas foréigneach, ar fheiniméin an radacaithe agus ar idé-eolaíochtaí antoisceacha a fheabhsú (lena n-áirítear an chaoi le comharthaí luatha den iompar radacaithe a bhrath agus an chaoi le hinsintí malartacha a sholáthar) nó ar bhearta coisctheacha sonracha a chur chun feidhme a bheadh dírithe ar phríosúnaigh óga agus leochaileacha a bhfuil tosca riosca suntasacha ag baint leo. Ba cheart mar sin don fhoireann a bheith in ann iad féin a fheistiú leis an eolas agus leis na huirlisí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh rompu le linn gnáth-idirghníomhaíochta le príosúnaigh agus a gcumas freagartha staide a fhorbairt agus a gcuid oibre le príosúnaigh fhoréigneacha a éascú. Ba cheart an oiliúint a chur in oiriúint do riachtanais na gcineálacha éagsúla foirne agus dá bhfreagrachtaí sonracha.

D'fhéadfadh sraith straitéisí a bheith úsáideach chun cabhrú le foireann príosúin agus foireann promhaidh agus iad i mbun obair chuiditheach le príosúnaigh a d'fhéadfadh a bheith faoi réir a radacaithe.

Tá gníomhaíochtaí oiliúna arna n-eagrú ag gníomhaireachtaí an Aontais (e.g. CEPOL) nó ag líonraí ábhartha an Aontais (e.g. RAN, CPE, EuroPris , EPTA, nó arna n-éascú le tionscadail arna gcistiú ag an Aontas (e.g. DERAD) tairbheach. Tá lámhleabhair, treoirlínte agus cineálacha eile tacaíochta úsáideach freisin.

D'fhéadfaí seisiúin oiliúna maidir le radacú do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí ar an leibhéal náisiúnta a chur chun cinn mar obair leantach ar thástáil na modúl oiliúna ar fud an Aontais ag an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB).

**PRÍOSÚNACHT**

**Córas**

De ghnáth, is ar bhonn cás ar chás a dhéantar cinneadh maidir leis an gcóras coinneála is infheidhme i gcás daoine atá ciontaithe i gcionta sceimhlitheoireachta. D’fhéadfaí, áfach, bearta speisialta slándála (cinn ghinearálta nó cinn atá curtha in oiriúint ina n-aonar) a chur i bhfeidhm, dá mba ghá, lena n-áirítear scaradh ó phríosúnaigh eile.

D’fhéadfaí measúnú riosca tosaigh a dhéanamh chun an córas iomchuí coinneála do gach príosúnach a chinneadh.

D’fhéadfadh foireann speisialtóirí, i.e. foireann príosúin agus gairmithe (lena n-áirítear síceolaí nó síciatraí), measúnú a dhéanamh ar riosca an radacaithe agus ar an mbagairt fhéideartha ar shlándáil príosúnach eile. D’fhéadfaí sciatháin ar leith i bpríosúin ardslándála a chruthú do na cásanna is tromchúisí.

Réiteach eile is ea daoine radacaithe a scaipeadh i measc an phobail ghinearálta sa phríosún – ach ag an am céanna cosc a chur ar na daoine sin teagmháil dhíreach a bheith acu le príosúnaigh shoghonta nó le chéile – chun bac a chur orthu a dtuairimí foréigneacha antoisceacha a scaipeadh agus/nó líonraí a chruthú.

**Measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann**

Tá sé cruthaithe gur modh éifeachtach chun foinsí agus éascaitheoirí an radacaithe a aithint is ea foireann speisialaithe – daoine atá oilte chun breathnú ar dhifríochtaí idirchultúrtha agus comharthaí an radacaithe a aithint – a fhostaítear chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus cleamhnachtaí na bpríosúnach. D’fhéadfadh na baill foirne sin faisnéis a mhalartú go rialta le páirtithe ábhartha eile, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do bhaill foirne eile phríosúin, seirbhísí príosúin agus promhaidh agus údaráis inniúla eile.

Is féidir uirlisí gairmiúla measúnaithe riosca (eg. VERA-2R, ERG 22), arna gcur in oiriúint do riachtanais gach Ballstáit, a úsáid chun treoir a thabhairt maidir le bainistiú riosca atá comhréireach, d’fhonn an tuiscint agus an mhuinín a mhéadú i measc na foirne túslíne agus lucht déanta cinntí atá ag obair le ciontóirí ar sceimhlitheoirí agus antoiscigh fhoréigneacha iad, agus chun idirghabháil éifeachtach spriocdhírithe a éascú agus a threorú.

Le measúnú éifeachtach, bunaithe ar tháscairí soiléire oibríochtúla, d'fhéadfaí a chur san áireamh, mar shampla, trí ghné den radacú:

1. a thiomanta atá an duine don idé-eolaíocht radacach;
2. a dhóichí atá sé go n-úsáidfidh an duine sin foréigean de thoradh air sin; agus
3. cumas an duine sin díobháil a dhéanamh.

D'fhéadfadh lucht riaracháin an phríosúin measúnuithe riosca a dhéanamh go rialta – i gcomhar le húdaráis náisiúnta eile, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha agus seirbhísí slándála – chun an riosca a bhaineann le príosúnaigh radacaithe a mheas. D'fhéadfaí iad seo a dhéanamh ag tús thréimhse phríosúnachta an duine sin, lena linn, agus/nó gar dá deireadh. D'fhéadfaí tuarascálacha leantacha a ullmhú sula scaoilfí saor iad, ina dtabharfaí achoimre ar an bhfaisnéis a bhailítear le linn na coinneála, lena seoladh chuig páirtithe a bhfuil baint acu le cláir iarscaoilte.

**<u>Malartú faisnéise</u>**

D'fhéadfaí a chur de chúram ar fhoireann speisialaithe iomchuí (nó ar struchtúir) laistigh de chóras na bpríosún faisnéis maidir leis an radacú i bpríosúin a bhailiú, a phróiseáil agus a chomhroinnt, i gcomhréir dhlúth leis na rialacha cosanta sonraí agus leis an bprionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais'.

D'fhéadfaí a áireamh leis an gcomhordú agus comhar ar an leibhéal náisiúnta i measc páirtithe leasmhara ábhartha (údaráis phríosúin agus phromhaidh, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis inniúla eile) malartú faisnéise agus saineolais, cruinnithe ar leith agus ainmniú grúpaí speisialaithe nó tascfhórsaí chun cásanna sonracha a phlé lena ngabhann rioscaí antoisceachais agus foréigin agus/nó ina nochtar leochaileachtaí.

**<u>Cláir dhíradacaithe, dhíscoir agus athshlánaithe</u>**

D'fhéadfaí bearta a chur chun feidhme ar bhonn cás ar chás chun príosúnaigh a spreagadh chun díscor de ghníomhaíochtaí antoisceacha foréigneacha. Ba cheart don fhoireann dul i mbun idirphlé cuiditheach le príosúnaigh ar spéis leo smaointe foréigneacha antoisceacha. D'fhéadfadh foirne síceolaithe, oideoirí, etc. cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do ghairmithe atá ag obair i seirbhísí príosúin agus promhaidh.

Le cláir dhíradacaithe, dhíscoir agus athshlánaithe d’fhéadfaí an méid seo a leanas go háirithe a chumhdach:

- inniúlachtaí sóisialta agus scileanna cumarsáide na bpríosúnach a fhorbairt;
- oideachas agus gairmoiliúint do phríosúnaigh chun cabhrú lena lánpháirtiú tar éis a scaoilte amach;
- oiliúint san iompraíocht chognaíoch (e.g. smaointeoireacht thallannach agus fhéinlárnach a athrú);
- comhairleoireacht, teiripe agus athshlánú (e.g.cóireáil do mhí-úsáid substaintí, nó d’iompar foréigneach nó coiriúil);
- rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha, sóisialta agus spóirt
- príosúnaigh a spreagadh chun an foréigean, de gach cineál, a chur díobh.

D’fhéadfaí táscairí feidhmíochta intomhaiste a shainiú chun éifeachtacht clár díradacaithe, díscoir agus athshlánaithe a mheasúnú.

Imríonn ionadaithe creidimh a thugann cúnamh spioradálta do phríosúnaigh ról suntasach maidir le frithinsint a thabhairt ar idé-eolaíochtaí foréigneacha reiligiúnacha. Bíonn siad in ann dearcadh saoil agus léirmhínithe diagachta an sceimhlitheora agus an chiontóra fhoréignigh antoiscigh a thuiscint agus más gá a dhúshlán a thabhairt. D’fhéadfaí tacaíocht, – amhail oiliúint speisialaithe - a thabhairt d’ionadaithe creidimh, a bheadh dírithe ar chumarsáid chuiditheach agus insintí malartacha. Chun aon bhaol breise maidir le radacú príosúnach a sheachaint, d’fhéadfadh na hionadaithe creidimh a bhíonn ag plé leo – iad fostaithe uaireanta ag na príosúin – a bheith faoi réir próiseas grinnfhiosrúcháin agus nós imeachta cuimsitheach roghnúcháin, sula gceapfar iad, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

D’fhéadfadh eagraíochtaí neamhrialtasacha agus oibrithe sóisialta rannchuidiú agus tacú le díradacú agus díscor príosúnach. D’fhéadfaí comhpháirtíochtaí a fhorbairt le saorálaithe nó le heintitis neamhrialtasacha eile chun líonraí sóisialta príosúnach a leathnú.

**TAR ÉIS A SCAOILTE**

**<u>Athshlánú agus athimeascadh</u>**

Tá cúnamh síceolaíoch, comhairleoireacht, oideachas, oiliúint agus tacaíocht go léir ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar athimeascadh gairmiúil agus sóisialta na ndaoine arbh fhéidir go raibh siad faoi réir a radacaithe roimh dhul isteach sa phríosún dóibh nó le linn dóibh a bheith i bpríosún.

Tá cur chuige ilghníomhaireachta – ceann ina bhféadfadh seirbhísí promhaidh, údaráis áitiúla, oibrithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith páirteach, agus, i gcás inarb infheidhme, ionadaithe creidimh – riachtanach chun ligean d'iar-phríosúnaigh athimeascadh go rathúil agus chun cosc a chur orthu dul i mbun gníomhaíochtaí radacacha nó foréigneacha nó antoisceacha arís.

D'fhéadfaí cláir a fhorbairt chun athshlánú agus athimeascadh sóisialta ciontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad a éascú.

**<u>Faireachán agus malartú faisnéise</u>**

Ní mór an malartú faisnéise ar an leibhéal náisiúnta idir príosúin, seirbhísí promhaidh agus comhpháirtithe slándála ar thaobh amháin agus comhpháirtithe sóisialta agus áitiúla ar an taobh eile a éascú, d'fhonn cláir athimeasctha agus córais faireacháin éifeachtacha a chur chun feidhme agus an baol atitimeachais a laghdú.

D'fhéadfaí a thuilleadh faireacháin ar dhaoine radacaithe a mheastar, ar bhonn measúnú riosca, gur bagairt leanúnach iad tar éis a scaoilte, a áirithiú ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus prionsabal na comhréireachta agus cearta bunúsacha an duine lena mbaineann a urramú.

D'fhéadfadh bearta iarscaoilte a bheith úsáideach freisin, d'fhonn cosc a chur ar chiontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad nó ar chiontóirí a ndearnadh iad a radacú agus iad sa phríosún dul i mbun gníomhaíochtaí foréigneacha antoisceacha tar éis a scaoilte.

D'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise ar leibhéal straitéiseach ar leibhéal an Aontais maidir leis an radacú i bpríosúin.

Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh malartú faisnéise i dtaobh príosúnaigh a ndearnadh iad a radacú, ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach, idir Ballstáit an Aontais (agus, i gcás inarb infheidhme, a stáit tionscnaimh/chónaithe), a mhéid a cheadaítear leis an dlí náisiúnta, a bheith ina uirlis luachmhar, mar shampla, i gcás ina mbaineann an fhaisnéis le hiar-phríosúnaigh ag filleadh ar Bhallstáit éagsúla nó ag taisteal chucu. D'fhéadfadh buntáiste a bheith le húsáid níos fearr a bhaint as na córais faisnéise atá ann cheana (Córas Faisnéise Schengen san áireamh).

---